



Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar

Chartlannaí Digiteach ag Coimeádaí Cúnta Leibhéal Grád 2,

Roinn na mBailiúchán Digiteach,

i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **13 Feabhra 2026, ag 3pm**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Roinn Acmhainní Daonna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

4 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost careers@nli.ie

Teileafón: (353) 1 6030200

Suíomh gréasáin: <https://www.nli.ie/ga/ce-muid-fein/poist-i-leabharlann-naisiunta-na-heireann>

CÚLRA

Is leabharlann taifid na hÉireann í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI). Bunaíodh NLI in 1877 agus rinneadh institiúid fhéinrialaitheach cultúir di an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord, ar a bhfuil cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá timpeall 125 ball foirne fostaithe ag an Leabharlann agus oibríonn siad i dtreo chúig thosaíocht a bhaint amach faoin straitéis reatha atá againn, is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirteachas agus an nuáil.

Comhroinneann an NLI scéal na hÉireann leis an domhan trína mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag earra, lena gcuimsítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá suíomhanna na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, agus an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill san áireamh, oscailte agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a fhiosrú - trí sheomraí léitheoireachta ar tarraingtí cuairteora astu féin iad, trí thaispeántais shaibhre éagsúla agus trí chlár poiblí gníomhach. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <https://www.nli.ie/ga/ce-muid-fein>

ROINN NA mBAILIÚCHÁN DIGITEACH

Tá Roinn na mBailiúchán Digiteach de chuid NLI freagrach as na bailiúcháin dhigiteacha náisiúnta a fhás, a bhainistiú agus a chaomhnú i bhfoirm cartlanna gréasáin, cartlanna na ndúchasach digiteach agus bailiúcháin dhigitithe, agus as córais tacaíochta agus bonneagar teicniúil lárnach na Leabharlainne a fhorbairt. Tá na foirne seo a leanas i Roinn na mBailiúchán Digiteach: Bonneagar agus Oibríochtaí TFC, Córais Dhigiteacha Leabharlainne, Seirbhísí um Chaomhnú Digiteach & Taisclanna, Seirbhísí Digitithe, Cartlannú Gréasáin, agus Cartlanna na nDúchasach Digiteacha.

Foireann na mBailiúchán Digiteach (BDA)

Tá Foireann CDD an NLI freagrach as ábhar cartlanna na ndúchasach digiteach a fháil agus a bhainistiú go fadtéarmach. Is réimse ríthábhachtach gníomhaíochta é seo chun Cuspóirí Straitéiseacha NLI a bhaint amach maidir le fairsinge athraitheach na n-ábhar comhaimseartha a bhailiú go réamhghníomhach chun éagsúlacht eispéireas na hÉireann a ghabháil. I gcomhréir le Beartas uileghabhálach Forbartha Bailiúchán an NLI, agus cur chuige atá dírithe ar an duine i leith bhailiú freagrach, déanann foireann an CDD breithniú cúramach ar Chostas Iomlán na Maoirseachta maidir le hábhar a fháil do na Bailiúcháin Náisiúnta. Tá an fhoireann tiomanta d'fheabhsú leanúnach agus déanann sí tagarmharcáil fhorásach ar

ghníomhaíochtaí fhoireann Cartlanna na ndúchasach digiteach i gcomhréir le caighdeáin agus noirm idirnáisiúnta atá bunaithe agus atá ag teacht chun cinn.

AN RÓL

Beidh ról lárnach ag an gCartlannaí Digiteach maidir le cumas agus ábaltacht Fhoireann CDD a mhéadú chun ábhar cartlanna na ndúchasach digiteach agus ar taifead é ar shaol comhaimseartha na hÉireann a fháil, a chaomhnú agus rochtain a sholáthar air. I measc na príomhchúraimí beidh measúnú réamhfhála, bainistíocht cearta, anailís bhailiúcháin, próiseáil, socrú agus tuairisc. Beidh rannpháirtíocht dhíreach le deontóirí agus cruthaitheoirí i gceist leis an ról roimh, le linn agus tar éis ábhar a fháil. Beidh comhoibriú le comhghleacaithe i bhfoirne agus i ranna éagsúla na Leabharlainne ag teastáil freisin. Éilíonn an obair meascán de scileanna coimeádaíochta agus teicniúla agus baineann sé le huirlisí agus bogearraí fóiréinseacha digiteacha mar chuid de shreafaí oibre ó cheann ceann go ceann chun ábhar digiteach a fháil, a bhainistiú agus rochtain a sholáthar air. Oibreoidh an Cartlannaí Digiteach le comhghleacaithe chun na sreafaí oibre agus nósanna imeachta cartlainne digiteacha seo a bheachtú agus a fhorbairt tuilleadh, rud a éileoidh tiomantas d'uasailiúint leanúnach scileanna i ndáil le dea-chleachtas cartlainne agus caomhnaithe digiteach. Laistigh de phróiseas pleanála an NLI, beidh deis shuntasach ag an gCartlannaí Digiteach tionscnaimh agus tionscadail chomhaontaithe a aithint, a raon feidhme a mheas, a mholadh agus a sheachadadh chun cumais bhailithe dhigiteacha an NLI a fheabhsú.

Beidh obair ar na cineálacha bailiúchán seo a leanas atá i seilbh an NLI faoi láthair i gceist leis an ról (ach níl sé teoranta do):

- Bailiúcháin chartlainne chasta na ndúchasach digiteach, a fuarthas an chéad cheann díobh in 2018. I measc na mbailiúchán sin tá réimse leathan cineálacha formáidí a léiríonn grianghraif, ríomhphoist, doiciméid Word, físeáin, scarbhileoga etc. e.g. cartlann grianghrafadóireachta Reifreann ar Chomhionannas Tá Comhionannas Pósta;
- Ábhar na ndúchasach digiteach atá mar chuid de bhailiúcháin hibrídeacha NLI lena n-áirítear formáidí oidhreachta amhail dioscaí boga;
- Bailiúcháin a fuarthas mar thoradh ar rannpháirtíocht ranna eile de chuid an NLI le comhpháirtithe seachtracha e.g. saothair choimisiúnaithe grianghrafadóireachta;
- Oibriú le formáidí nach bhfuil faighte ag an NLI faoi láthair agus a mheastar a bheith “ag teacht chun cinn”.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ina imreoir foirne solúbtha agus comhoibríoch, ach chomh compordach céanna ag obair as a stuaim féin agus ag léiriú ardleibhéal freagrachta pearsanta. Beidh sárscileanna anailíse agus cumarsáide acu agus an cumas oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht atá dírithe ar thionscadail.

Cuirtear obair hibrídeach agus solúbtha ar fáil don ról seo, atá lonnaithe inár gcampas stairiúil i lár na cathrach. Is deis iontach í seo chun oibriú i dtimpeallacht spreagúil, dúshlánach, chun do shaineolas a chur i bhfeidhm, chun fadhbanna suimiúla a réiteach, agus chun teicneolaíochtaí agus caighdeáin atá glactha ag an bpobal a chur i bhfeidhm chun cabhrú le caomhnú agus athúsáid bhailiúcháin oidhreachta cultúrtha náisiúnta a chinntiú.

DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

Ag tuairisciú do Cheannaire Foirne Chartlanna na nDúchasach Digiteach, áireofar na cúraimí seo a leanas i measc dhualgais an iarratasóra, a mbíonn rath leo:

- Cur le forbairt bhailiúcháin chartlanna na ndúchasach digiteach an NLI i gcomhréir le Beartas Forbartha Bailiúchán an NLI;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Ceannaire Foirne CDD, freagracht a ghlacadh as fáil agus próiseáil bailiúchán chartlanna na ndúchasach digiteach a comhaontaíodh a sheachadadh go tráthúil;
- Oibriú le deontóirí, díoltóirí agus cruthaitheoirí le linn gach céim den saolré na ndúchasach digiteach le béim ar leith ar mheasúnú réamhfhála, aistriú bailiúcháin, bainistíocht cearta, próiseáil, socrú agus cur síos ar bhailiúcháin dhigiteacha;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le foireann Seirbhísí um Chaomhnú Digiteach agus Stór Digiteach an NLI, chun tabhairt faoi chúraimí i ndáil le ceanglais um chaomhnú digiteach chun bailiúcháin na ndúchasach digiteach a bhainistiú go fadtéarmach;
- Bailiúcháin chartlanna na ndúchasach digiteach a phróiseáil, lena n-áirítear forshealbhúchán, seiceáil víreas, measúnú teicniúil agus cartlainne, cáilíocht cáilíochta, socrú, tuairisc, ionghabháil stórtha, agus coimeád leanúnach;
- Comhoibriú le comhghleacaithe chun nósanna imeachta, sreafaí oibre agus próisis a fhorbairt, a dhoiciméadú agus a chothabháil (e.g. forshealbhúchán, breithmheas, tuairisc) chun bailiúchán a fháil agus bailiúcháin chartlanna na ndúchasach digiteach a bhainistiú go fadtéarmach;
- A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais meiteashonraí tuairisciúla bhailiúcháin dhigiteacha an NLI i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbairtí atá ag teacht chun cinn, chun a bhfionnachtain agus a n-athúsáid a chur chun cinn;
- Oibriú le foirne inmheánacha an NLI chun tionscnaimh bailithe cartlanna na ndúchasach digiteach a chur chun cinn go himmheánach agus go seachtrach, lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh ar an NLI ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Oibriú le comhghleacaithe chun úsáid agus rannpháirtíocht ábhar cartlanna na ndúchasach digiteach a chur chun cinn trí sheirbhísí a fhorbairt d'úsáideoirí i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha agus iniúchadh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun daoine eile a chumasú chun ár mbailiúcháin dhigiteacha a athúsáid ar bhealach nuálach;
- Tionscnaimh agus tionscadail a shainaithint, a raon feidhme a mheas, a mholadh agus a sheachadadh chun feabhas a chur ar chumas agus ar ábaltacht an NLI bailiúcháin

dhigiteacha a fháil agus a bhainistiú, agus chun a n-athúsáid ag an bpobal a uasmhéadú;

- Dualgais eile de réir mar is gá.

Is treoir ghinearálta don ról atá thuas agus ní cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhaineann leis an ról ná ar na cúraimí a d'fhéadfaí a shannadh do ról an Chartlannaí Digitigh, Coimeádaí Cúnta Grád 2 san NLI.

CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA AGUS TAITHÍ RIACHTANACH

Bunriachtanais:

- Cáilíocht iarchéime leabharlainne nó cartlainne nó a chomhionann;
- Taithí léirithe ar bhailiú digiteach i gcartlann/ leabharlann nó i gcomhthéacs inchomparáide eile;
- Dea-thuiscint ar phrionsabail agus ar chleachtais bhainistíochta bailiúcháin, mar a léiríodh trí thaithí roimhe seo;
- Taithí léirithe ar dhul i ngleic le teoiric, caighdeáin agus dea-chleachtas caomhnaithe digiteach;
- Taithí ar aon cheann díobh seo a leanas a fhorbairt; sreafaí oibre, treoirlínte, lámhleabhair agus nósanna imeachta a bhaineann le bailiú agus caomhnú digiteach;
- Taithí léirithe ar oibriú le struchtúr meiteashonraí, ábhair agus caighdeáin luacha a bhaineann le bailiú digiteach agus cur síos ar ábhar, e.g. cuid díobh seo a leanas: MARC21, ISAD(G), DACS, LCSH, LCNAF, RDA, EAD, schema.org, RDF;
- Sárscileanna TFC agus a bheith muiníneach agus tú ag obair le réimse formáidí comhaid dhigiteach, bogearraí agus córais a úsáidtear i mbainistíocht cartlainne digití agus/nó bailiúcháin leabharlainne;
- Eolas ar chóipcheart, ceadúnú agus cosaint sonraí a bhaineann le bailiúcháin na ndúchasach digiteacha faoi reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa;
- An cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteannta úsáideoirí teicniúla agus neamhtheicniúla agus scileanna láidre abhcóideachta.

Riachtanais Inmhianaithe:

- Trí bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil i réimse ábhartha lena n-áirítear taithí ar bhailiúcháin dhigiteacha, cosúil leo siúd atá i seilbh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- Taithí ar oibriú le deontóirí agus bainistíocht caidrimh deontóirí;
- Taithí ar chearta a bhainistiú agus ar athúsáid i ndáil le bailiúcháin dhigiteacha;
- Taithí ar oibriú le húsáideoirí/taighdeoirí a úsáideann ábhar cartlanna na ndúchasach digiteach
- Taithí ar oibriú le huirlisí líne ordaithe agus/nó scrípteanna a scríobh (e.g. Python) mar chuid d'anailís nó de phróiseáil bhailiúcháin;

- Taithí ar oibriú le huirlisí fóiréinsice digití mar chuid de shreafaí oibre cartlainne na ndúchasach digiteach
- Taithí ar oibriú le formáidí comhaid dhigiteacha éagsúla agus a gcomhpháirteanna mar chuid de shreafaí oibre bainistíochta bailiúcháin;
- Eolas ar shonraíochtaí agus ar chaighdeáin theicniúla a úsáidtear i mbainistiú agus i seachadadh bailiúchán digiteach, e.g. cuid díobh seo a leanas: OAIS, PREMIS, Bagit;
- Cumas i nGaeilge scríofa agus labhartha.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TUARASTAL: Is é seo a leanas an scála pá is infheidhme maidir leis an bpost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2025):

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

Beidh feidhm ag scála pá an PPC i gcás ina bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí reatha a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis sin, agus a bhfuil sé de cheangal air/uirthi ranníocaíocht pinsin phearsanta a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin maidir le fostaithe buana nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€39,474	€41,996	€42,670	€46,036	€49,413	€52,824	€56,392	€58,645	€60,908
€63,191	€65,460	€67,736	€70,011	€72,279	€74,567	€77,094*	€79,618**	

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (Gan RPP)

Beidh feidhm ag tuarastal gan RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach n-éilítear orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

€41,211	€44,056	€47,265	€50,468	€53,742	€55,854	€57,990	€60,140
€62,295	€64,459	€66,617	€68,776	€70,939	€73,352*	€75,750**	

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, féadfar méaduithe a íoc i gcomhréir leis an mBeartas Rialtais reatha (féach mír 5.1 den Chomhaontú Cobhsaíochta Seirbhíse Poiblí 2021-2022 le haghaidh athruithe le déanaí).

Beidh an ráta pá a thairgfear iníochta go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfear uimhir IBAN agus BIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe ó íocaíochtaí tuarastail atá dlite duit amach anseo, i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint ar do na himthosca uile.

Tréimhse

Ceapfar an t-iarrthóir rathúil i bpost buan, faoi réir conradh promhaidh 12 mhí a chríochnú go rathúil.

Ní chuirtear cosc leis an méid sin síneadh a chur ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

- (i) ar fheidhmigh siad go sásúil.
- (ii) an raibh a n-iompar ginearálta sásúil.
- (iii) an oireann siad ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreuiteachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a ndualgas oifigiúil, a chuirfeadh isteach ar a bhfeidhmíocht nó a chuirfeadh a macántacht i mbaol.

Suíomh

Beidh an t-iarrthóir rathúil bunaithe ag áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 ar dtús, ach d'fhéadfaí go mbunófar iad ag aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an bpost seo, i gcás inarb iomchuí.

Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine) i gceist leo.

Saoire Bhliantúil

Tá an liúntas saoire bliantúla cothrom le 25 lá oibre sa bhliain, ag ardú go 29 lá oibre tar éis 5 bliana agus 30 lá tar éis 10 mbliana. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

Cúrsaí Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas acu seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

Fógra tábhachtach:

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae reatha mar aon le litir spéise a chur isteach trí ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag careers@nli.ie

Tabhair faoi deara gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.

Déanfar iarratasóirí a chur ar ghearrliosta ar bhonn na faisnéise a bheidh san iarratas. Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

Beidh ainm agus sonraí teagmhála beirt mholtóir ag teastáil tar éis an agallaimh. Forchoimeádann an Leabharlann an ceart fiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sí is gá i ndáil le hiarratasóir sula ndéantar post a thairiscint dóibh.

Dáta Deiridh

Tabhair faoi deara gurb é an **13 Feabhra 2026**, ag **3pm** an a dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Cloífear go docht daingean leis an dáta deiridh agus an t-am sin.

Dícháileofar iarrthóirí má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Painéal

D'fhéadfadh sé go gcuirfí painéal le chéile ón gcomórtas seo óna ndéanfar folúntais do Choimeádaí Cúnta, Grád 2, idir bhuan agus sealadach, a líonadh, má thagann siad chun cinn.

Socruithe Speisialta

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait i ndáil le haon ghné den chomórtas seo, déan teagmháil le hr@nli.ie

Leagan Amach an Chomórtais

Féadfaidh roinnt gnéithe a bheith sa phróiseas roghnúcháin don chomórtas seo. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith i gceist leo:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlánú;
- Tástáil/Tástálacha measúnaithe ar líne agus/nó ar pháipéar;
- Gearrliostú;
- Agallamh/Agallaimh;
- Cleachtadh cur i láthair/anailíse;
- Tástáil shamplach oibre nó aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilíochta don chomórtas, sa chás go mbeadh líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, cuireann an Leabharlann Náisiúnta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, agus a mheastar gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an ról, agus is iadsan a chinnefidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar iarrthóir ar leith a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá gur gá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach ná neamhinniúil chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann atá níos fearr, atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu de réir dealraimh bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin, tá sé chun do leasa féin cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san fhoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh breise ar bhreithniú ag iarrthóirí nach gcuirfidh ar fáil, nuair a iarrtar orthu, an fhianaise a éilíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileálfar le hiarrataí ar athbhreithniú de réir an doiciméid “Cód Chleachtais: Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí” arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - is féidir teacht ar an gCód ag [CPSA-Code-of-Practice-2022.pdf](#)

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (arna gcur faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh lena mbreithniú:

- Próiseas neamhfhoirmiúil le húsáid laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach.
- Próiseas foirmiúil: ní mór iarraidh ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre tar éis don iarrthóir fógra a fháil faoin gcinneadh bunaidh nó faoin gcinneadh maidir lena ngearán neamhfhoirmiúil.
- Is féidir leis an iarrthóir athbhreithniú ar thoradh an athbhreithnithe tosaigh a lorg ó eadránaí cinnidh agus ba cheart iarraidh chuige sin a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó thoradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil
- Tugtar breac-chuntas freisin ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc maidir le líomhaintí faoi shárú ar an gCód Cleachtais.

Aiseolas d'Iarrathóirí

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a thabhairt d'iarrthóirí. Chuige sin, is é beartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é aiseolas a sholáthar i scríbhinn d'iarrthóirí. Cuimseofar leis sin marcanna an iarrthóra ón gcomórtas, agus tagarmharcáil á déanamh idir an marc i gcoibhneas le feidhmíocht na n-iarrthóirí eile agus tiomantas ón mbord measúnaithe i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an iarrthóra faoi gach ceann de cheannteidil an Chreata Cumais.

Rochtain ar Fhaisnéis

Ginfear cóip chrua amháin den CV agus den litir chumhdaigh ón iarratas ríomhphoist agus úsáidfí an bord agallaimh í. Gheobhaidh baill an bhoird agallaimh cóipeanna boga d'ábhar iarratais, agus treoracha chun na cóipeanna sin a scríosadh a luaith a bheidh an cuspóir a raibh gá leo tugtha chun críche. Coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna cóip amháin d'ábhar iarratais ar feadh bliana ar a laghad agus an comórtas tugtha chun críche.

Tá gach doiciméad comórtais lena n-áirítear nótaí agallaimh faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018.

AGUISÍN 1

Cartlannaí Digiteach Coimeádaí Cúnta, Grád 2, – Príomhtháscairí Feidhmíochta

Ceannasaíocht Foirne	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann le hardfheidhmíocht a éascú ach spriocanna soiléire, réalaíocha a leagan amach agus dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta má éiríonn a leithéid aníos
	Cuirfidh sé nó sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann
	Déanfaidh sé nó sí a s(h)eacht ndícheall bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm le cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach
	Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaithi ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
	,Leagfaidh sé nó sí an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne agus le scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú.
	Beidh sé nó sí solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua, agus glacfaidh páirt dhearfach in athruithe a chur i bhfeidhm
Meastóireacht, Anailísiú agus Cinnteoireacht	Baileoidh sé nó sí eolas ó fhoinsí ábhartha, amhail foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile, déanfaidh anailís uirthi agus measfaidh raon fachtóirí criticiúla
	Cuirfidh sé nó sí saincheistanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige nó aici
	Cuirfidh an t-eolas agus an taithí atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí
	Déanfaidh sé nó sí cinntí maithe a mbeidh bunús stuama, ciallmhar taobh thiar díobh agus seasfaidh le cinntí den sórt sin
	Cuirfidh sé nó sí réitigh chun cinn le dul i ngleic le fadhbanna
Bainistíocht & Torthaí a Bhaint Amach	Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Éireoidh leis nó léi raon tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú ag an am céanna
	Déanfaidh sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúru agus a eagrú go héifeachtach
	Glacfaidh sé nó sí le cur chuige loighciúil, pragmatach i leith na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil
	Dáilfidh sé nó sí obair ar dhaoine eile go héifeachtach agus cuirfidh eolas agus fianaise shoiléir ar fáil faoina bhfuil le déanamh
	Déanfaidh sé nó sí sainaitheint réamhghníomhach ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus molfaidh bealaí praiticiúla le déanamh amhlaidh
	Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí/cleachtais oibre nua agus déanfaidh a s(h)eacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach
	Cuirfidh sé nó sí córais/próisis chuí i bhfeidhm le cáilíocht gach gnímh agus aschuir a sheiceáil
	Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile le cabhrú leis nó léi a ról a chomhlíonadh
	Feidhmeoidh sé nó sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
	Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheistean a bhaineann leis an obair
	Beidh sé de mhisneach aige nó aici beart a dhéanamh de réir a c(h)uid tuairimí, éireoidh leis nó léi tacaíocht a fháil trí achoimre a dhéanamh ar eolas ábhartha agus na buntáistí a chur ina luí ar chách
	Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh, fiú i gcásanna deacra
	Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, beacht, agus muiníneach cibé ó bhéal nó i scríbhinn é
	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile le comhghleacaithe agus tacóidh leo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach
Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne ar fad agus ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta. Déanfaidh sé nó sí cumarsáid éifeachtach le daoine eile, leis
	Beidh ard-saineolas aige nó aici ar a réimse oibre féin, chomh maith le cur amach leathan ar an Earnáil Phoiblí
	Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinfhorbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú
Dúthracht & Tiomantas do Threoirphrionsabail na Seirbhíse Poiblí	Féachann le hardleibhéal feidhmíochta a ghnóthú, le hinfheistíocht fuinnimh mhóir chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Léiríonn sé nó sí athléimneacht i leith cúinsí dúshlánacha agus éileamh mór
	Féadfar brath air nó uirthi go pearsanta
	Cinntéoidh sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil
	Beidh ardchaighdeán ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici

